Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Meán Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**12025/21**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0176(COD)**

**CODEC 1234**
**MIGR 197**
**SOC 524**
**EMPL 381**
**EDUC 303**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta ardcháilíochta, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón Ungáir**

Ba mhian leis an Ungáir a chur i bhfios go láidir gur mór aici iarrachtaí na hUachtaránachta croíghnéithe an chur chuige ghinearálta a chaomhnú, ach tá gnéithe fós sa togra nach bhfuil i gcomhréir lenár seasamh, go háirithe maidir le margadh an tsaothair a chosaint.

Tá an Ungáir i gcoinne aon srianta ar chur i bhfeidhm na tástála ar mhargadh a théann thar na forálacha atá i bhfeidhm faoi láthair. Táimid i gcoinne íostréimhse bailíochta an Chárta Ghoirm a mhéadú freisin. Ina theannta sin, ba mhian linn béim a leagan ar an seasamh láidir atá againn ar dá réir nach measann an Ungáir gur gá nó gurb iomchuí na rialacha ábhartha i réimse na himirce dleathaí a chomhchuibhiú a thuilleadh, agus i ndáil leis an méid sin ba mhaith linn ár seasamh maidir leis an imirce dhleathach i gcoitinne a athdhearbhú.

Aithnímid gur toradh é an comhréiteach ar thángthas air ar chaibidlíocht fhadtréimhseach, ach níl an Ungáir in ann glacadh leis an gcomhréiteach deiridh de bharr na gcúiseanna thuasluaite.